

LÍONRA TAISTIL GHNÍOMHAIGH
CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH



## Glasbhealach na Dothra

# Ascaill an Bhiataigh chuig Páirc Hoirbeaird

## BILEOG EOLAIS FAOI OIBREACHA







## CÉARD ATÁ SA BHILEOG SEO?

1 Sonraí na Scéime
2 Clár
3 Sonraí Teagmhála
4 Tuilleadh Sonraí

Is bealach taistil ghníomhaigh d’ardchaighdeán é Glasbhealach na Dothra do choisithe, do rothaithe agus d’fheithiclí gan inneall. Leanann sé an Dothra ó Bhóthar na Bruíne i Sléibhte Bhaile Átha Cliath chuig an Life sa Rinn.

Is cuid thábhachtach de Ghlasbhealach na Dothra í an scéim idir Ascaill an Bhiataigh chuig Páirc Hoirbeaird, a dhéanfaidh Páirc Hoirbeaird a nascadh le hAscaill an Bhiataigh trí Bhóthar Anglesea agus Bóthar Mhuirfean. Táthar le tosú ar thógáil an tionscadail i mí Deireadh Fómhair/Samhain 2024 agus tá sé le bheith críochnaithe in R2 2025. Beidh roinnt cur isteach sealadach nach féidir a sheachaint ar an trácht sa cheantar leis an tionscadal casta seo a chur ar fáil. Déanfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, i gcomhar lenár gconraitheoir, ár ndícheall an cur isteach sin a íoslaghdú a oiread agus is féidir.

## SCEIDEAL

| Iúil 2024 | Meán Fómhair 2024 | R1 2025 | R2 2025 |
|---|---|---|---|
| Tairiscint Fógartha | Conraitheoir Ceaptha | Tús na nOibreacha | Obair Thógála Críochnaithe |

Tionscadal Eireann Project Ireland 2040
NTA Údarás Náisiúnta Iompair National Transport Authority
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Dublin City Council

## 1 SONRAÍ NA SCÉIME

- Déanfar ceantar comhroinnte d'Ascaill an Bhiataigh do charranna agus rothair. Ní athrófar an cosán cois abhann.
- Trasrian le gluaiseachtaí coisithe agus rothaithe ag dul ó thuaidh/ó dheas a éascú ar Bhóthar Mhuirfean.
- Déanfar an bá páirceála inrochtana ar an taobh thuaidh de Bhóthar Mhuirfean a athlonnú 11 mhéadar soir. Bainfear dhá bhá páirceála ar Bhóthar Mhuirfean leis an trasrian nua a éascú.
- Beidh raon rothaíochta cosanta dhá threo le taobh na habhann ar Bhóthar Anglesea. Ní athrófar an cosán atá ann faoi láthair.
- Bainfear ceann den dá lána casadh ar chlé atá ann faoi láthair ó Bhóthar Anglesea chuig Bóthar Mhuirfean leis an raon rothaíochta dhá threo a éascú.
- Bainfear ocht spás páirceála atá ann faoi láthair ar an taobh de Bhóthar Anglesea atá cois abhann, os comhair Leabharlann Pheambróg agus cuirfear páirceáil bhreise ar fáil ar an taobh eile de Bhóthar Anglesea.
- Coimeádfar an bá páirceála inrochtana atá ar an taobh thoir de Bhóthar Anglesea, atá gar do Leabharlann Pheambróg.
- Iompófar an trasrian coisithe atá ar Bhóthar Anglesea faoi láthair ina thrasrian coisithe agus rothaithe.
- Cuirfear trasrian ardaithe ar fáil ag bealach isteach an droichid ag Pines Apartments ar Lána Pháirc Hoirbeaird.
- Coimeádfar aon teorainneacha agus crainn atá feadh an bhealaigh cheana féin.

# 2 CLÁR

Tosú
**R1 2025**

Baint ceann den dá lána casadh ar chlé ar Bhóthar Anglesea
**R1 2025**

Críochnú
**R2 2025**



Léiriú an ealaíontóra ar Bhóthar Anglesea

## 3 SONRAÍ TEAGMHÁLA

Má tá tuilleadh eolais uait maidir leis an tionscadal 'Glasbhealach na Dothra – Ascaill an Bhiataigh chuig Páirc Hoirbeaird' nó más maith leat dul i dteagmháil linn, féach na roghanna thíos:

www.dublincity.ie/activetravel (Déan scanadh orm)

activetraveloffice@dublincity.ie leis an ábhar 'Glasbhealach na Dothra – Ascaill an Bhiataigh chuig Páirc Hoirbeaird'

Oifig Cláir um Thaisteal Gníomhach, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Teach Cavendish, Bloc D, Cúirt Árann, Cé Árann, Baile Átha Cliath 7, D07 H5CH

Oifig Cláir um Thaisteal Gníomhach: 01 222 2536

---

Chun teagmháil a dhéanamh leis an gconraitheoir, Circet Ireland & UK:

Teagmháil Éigeandála 24 uair an chloig: 087 1818334

www.circet.ie (Dean scanadh orm)

Eastát Tionscail Chnoc Na Seamar, Baile Átha Cliath 22, D22 YP38

## 4 TUILLEADH SONRAÍ

Is féidir na léaráidí deartha den Scéim a fheiceáil ag:

- Leabharlann Pheambróg, Bóthar Anglesea, Baile Átha Cliath, D04 H765
- https://www.dublincity.ie/Beatty's-Avenue-to-Herbert-Park-scheme